



**AN ROINN | DEPARTMENT  
OIDEACHAIS | OF EDUCATION  
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS**

Ciorclán 0055/2015

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna,  
Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha  
agus chuig  
Príomhfheidhmeannaigh Boird Oideachais agus Oiliúna**

**SCÉIM na nOIBREACHA SAMHRAIDH  
(SOS)**

**2016 & 2017**

**Scéim na nDeontas Caipitil d'Oibreacha ar Scála Beag**



**An tAonad Pleanála agus Tógála Scoileanna,  
An Roinn Oideachais agus Scileanna,  
Bóthar Phort Laoise,  
An Tulach Mhór,  
Co. Uíbh Fhailí,  
R35 Y2N5.**



**SOS Cabhairlíne: Saorfón 1800 200 955**



**[www.education.ie](http://www.education.ie)**

Tá áthas ar an Aire Oideachais agus Scileanna sonraí a fhógairt faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh (SOS) a chuirfear ar fáil ar bhonn ilbhliantúil do na blianta 2016 agus 2017, agus fáilte a chur roimh iarratais faoin Scéim de réir téarmaí an Chiorcláin seo. Léigh an Ciorclán seo go cúramach le do thoil sula ndéantar an fhoirm iarratais a chomhlánú.

Is é is cuspóir le Scéim na nOibreacha Samhraidh ná maoiniú a thiomnú ar údaráis aonair scoileanna chun oibreacha tógála ar scála beag a dhéanamh ar féidir iad a chur i gcrích i rith míonna an tsamhraidh, nó ag amanna eile nuair nach gcuirfear isteach ar obair na scoile.

Tá Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna, atá páirteach sa scéim Saoroideachas, agus a bhfuil aitheantas buan acu agus iad i gcóiríocht nach bhfuil ar cíós, incháilithe le cur isteach ar Scéim na nOibreacha Samhraidh.

Caithfidh iarratais ó scoileanna a bheith de réir théarmaí agus choinníollacha na Scéime (atá ceangailte leis an Litir Chiorcláin seo).

Tabharfar cuireadh do Scoileanna a dtairiscintí a chur isteach ar líne ag baint úsáide as ardán Esinet. Mar a bhain le SOS 2014, tá síneadh curtha arís le hardán Esinet a bhíonn in úsáid faoi láthair ag scoileanna chun aiscur an phárolla a dhéanamh ar mhaithe le Scéim Iarratais SOS ar líne a éascú. Tá sé i gceist córas Esinet a bheith oscailte d'iarratais ó 2 Samhain 2015. Mar atá freisin i gcás SOS 2014, ní ghlacfar le hiarratais páipéar-bhunaithe in aon chúinsí. **Is é an spriocdháta chun na hiarratais uile a fháil faoin Scéim seo ná 27 Samhain 2015.**

Ar chóimhéid leis an leibhéal maoinithe atá curtha i leataobh don Scéim, déanfar iarratais a mheas ó bharr anuas de réir na gcrítéar tosaíochta (a bhfuil cur síos orthu i gCuid 3 de Théarmaí agus de Choinníollacha na Scéime). Baineann an fhreagracht maidir le hiarratas a dhéanamh ar na tionscnaimh is mó práinne le húdarás na scoile. **Ní féidir le scoileanna cur isteach ach ar thionscadal amháin ar scála beag.**

Bainfidh an scéim atá á fógairt le 2016 agus le 2017 araon. Dá réir sin, ní bheidh glaoch nua do thionscadail á chur amach maidir le 2017. Faoi SOS 2016 agus 2017, beidh iarratais bailí ó scoileanna nach sroichtear iad, i ngeall ar an maoiniú atá ar fáil do 2016, incháilithe do mheasúnú maoinithe i 2017, ach é seo faoi réir ag an maoiniú iomlán a bhíonn ar fáil.

## Tráthchlár do Scéim 2016 & 2017

Foilsiú na hImlitreach Stiúrtha	<b>13 Deireadh Fómhair 2015</b>
Córas Esinet oscailte d'iarraitais ó	<b>2 Samhain 2015</b>
Ba chóir iarraitais chomhlánaithe a chur ar ais ar líne trí Esinet faoin spriocdháta. <i>Moltar do scoileanna iarraitais a chur isteach roimh an spriocdháta seo más féidir.</i>	<b>27 Samhain 2015</b>
Foilsiú liosta na n-iarraitasóirí rathúla chun dul ar aghaidh i 2016	<b>deireadh mhí Feabhra/tús mhí Márta 2016</b>
Caithfidh Údarás na Scoile an glacadh a dheimhniú le Rannóg Pleanála agus Tógála na Roinne	<b>laistigh de 4 sheachtainí ó dháta faighte na litreach don fhaomhadh</b>
Beidh ar Údarás na Scoile a dheimhniú don Rannóg Pleanála agus Tógála Scoileanna go bhfuil na hoibreacha tosaithe, agus tarraingt anuas 70% den chabhair deontais a iarraidh	<b>laistigh de 6 mhí ón dáta faofa</b>
Beidh ar Údarás na Scoile an tarraingt anuas 30% deireanach den chabhair deontais a bheith iartha	<b>laistigh de 12 mhí ó dháta faighte na litreach don fhaomhadh</b>

## Cabhairlíne SOS - seirbhís Saorfóin

Tá seirbhís Saorfóin SOS ar fáil chun cuidiú le scoileanna le haon cheisteanna a bhíonn acu faoin Scéim ar a n-áirítear an fhoirm iarraitais a chomhlánú. Beidh an tseirbhís seo ar fáil gach lá ó 10am go 1pm agus ó 2pm go 4.30pm nuair a osclaítear an córas ar líne do na hiarraitais. Is é 1800 200 955 an uimhir Shaorfóin.

Tabhair aird, ag an am sin, go n-aistreófar sa ghnáthchúrsa glaonna bainteach le SOS ó línte eile go dtí an uimhir seo lena dheimhniú go mbíonn an t-eolas a thugtar do scoileanna á sholáthar ag foireann a bhíonn oilte go speisialta sna sonraí a bhaineann le Scéim na nOibreacha Samhraidh.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise

Meabhraítear do dhaoine a shíníonn foirmeacha iarraitais go mb'fhéidir go mbeadh sé de dhualgas ar an Roinn eolas ar bith a sholáthrófar a chur ar fáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Jerome Kelly  
An tAonad Pleanála agus Tógála Scoileanna,

Deireadh Fómhair 2015

## **Téarmaí agus Coinníollacha Bainteach le hIarratais d'Oibreacha ar Scála Beag faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh 2016 & 2017**

### **1. Scoileanna atá clúdaithe ag an Scéim d'oibreacha ar scála beag**

Tá cead isteach sa Scéim ag bunscoileanna agus ag iarbhunscoileanna a bhfuil aitheantas buan acu agus atá i gcóiríocht nach bhfuil tógtha ar cíos.

### **2. Iarratas a dhéanamh ar oibreacha ar scála beag**

Ní mór do scoileanna Foirm Iarratais ar líne, a bhfuil rochtain air ar Esinet, a chomhlánú chun iarratas a chur isteach. Maidir le scoileanna atá faoi Phátrúnacht na mBord Oideachais agus Oiliúna, is féidir leis an scoil BOO iarratas a dhéanamh, nó leis an mBOO iarratais a dhéanamh thar ceann a scoileanna – ba chóir do scoileanna na socrúithe atá acu a dheimhniú lena mBOO.

### **3. Oibreacha ar scála beag atá cuimsithe sa scéim**

Cuimsíonn an Scéim oibreacha riachtanacha ar scála beag chun feabhas a chur ar shláine na bhfoirgneamh agus ar a dtimpeallacht sheachtrach, ar féidir iad a sholáthar, go hídéalach, i rith míonna an tsamhraidh.

Tá sé tábhachtach a nótáil go bhfuil an scéim seo ar fáil chun oibreacha riachtanacha agus láithreacha a chur i gcrích. Ní chuirfear san áireamh ach na hiarratais sin a shásaíonn critéir bhunúsacha an riachtanais. Ní chuirfear maoiniú ar fáil i gcomhair oibreacha a mheasann an Roinn iad a bheith inmhianta gan a bheith riachtanach.

Tá tosaíocht tugtha ar an mbonn seo a leanas do na catagóirí oibre a bheidh incháilithe don mhaoiniú faoi SOS 2016 agus 2107:

Tosaíocht/ Aicme 1: Oibreacha Gáis

Tosaíocht/ Aicme 2: Oibreacha Leictreachais

Tosaíocht/ Aicme 3: Oibreacha Meicniúla

*Tosaíocht/ Aicme 4: Tionscadail do Riachtanais Speisialta*

Tosaíocht/ Aicme 5: Áiseanna leithris

Tosaíocht/ Aicme 6: Oibreacha dín

Tosaíocht/ Aicme 7: Tionscadail fuinneog

Tosaíocht/ Aicme 8: Tionscadail um riachtanais churaclaim

Tosaíocht/ Aicme 9: Feabhsúcháin struchtúracha eile

Tosaíocht/Aicme 10: Tionscadail don chomhshaol seachtrach

*\*Tosaíocht/Aicme 4: Faoi Scéimeanna na nOibreacha Samhraidh a tharla cheana, glacadh le hiarratais do thionscadail chun éascú a dhéanamh ar chuimsiú agus ar rochtain do dhaltaí agus do bhaill foirne le riachtanais speisialta oideachais. Toisc go bpléann an Roinn anois le hiarratais faoin teideal seo ar bhonn leanúnach faoin teideal Scéim Oibreacha Éigeandála (SOÉ), ní cóir iarratais d'oibreacha do riachtanais speisialta a dhéanamh faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh ag an am seo ná sa todhchaí.*

*Tabhair aird, maidir le hiarratais a dhéanfar faoi SOÉ, nach nglacfar leo ach nuair a tharlaíonn siad gan choinne agus go mbíonn éigeandáil amach is amach ag baint leo, mar atá sainmhínithe faoi théarmaí agus faoi choinníollacha na Scéime sin.*

I measc na n-oibreacha **nach gclúdaítear** faoi SOS tá:

- Aispeist/Eastóscadh Deannaigh/tionscadail um Radón a leigheas (tá scéimeanna ar leith ag an Roinn chun plé leis na nithe seo)
- Tógáil nua (i.e. an foirgneamh faoi láthair a fhairsingiú) lasmuigh d'áiseanna leithris
- Oibreacha ar cheart tabhairt fúthu trí chothabháil gnáthaimh, ar nós péinteáil, malartú clúdach urláir srl.
- Obair nó soláthar ar chóiríocht shealadach
- Maoinithe faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh nó faoi scéim eile roimhe seo
- Mar atá luaite thuas, oibreacha chun éascú a dhéanamh ar chuimsiú agus ar rochtain do dhaltaí agus do bhaill foirne le riachtanais speisialta – ar nós oibreacha a phléitear don mhaoiniú faoi Scéim na nOibreacha Éigeandála.

Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar iarratais aonair, cuirfear san áireamh tosaí ar nós, agus go háirithe, gnéithe a bhaineann le hinmharthanacht amach anseo m.sh. líon na ndaltaí ar na rollaí a bheith ag laghdú nó mórtionscadal foirgníochta a bheith ar tí tarlú sa scoil.

Má chuireann scoil isteach ar thionscadail nach mbíonn clúdaithe ag an scéim, beidh ar an scoil táillí ar bith a thabhaíonn sí i gcás an Chomhairleora, caithfidh sí iad a chlúdach as a hacmhainní féin mar **nach** mbeidh maoiniú le fáil ón Roinn.

#### **4. Próiseas iarratais ar oibreacha ar scála beag**

Níl cead ag scoileanna cur isteach ach ar aon tionscadal ar scála beag **amháin**.

Is ceart don scoil na hoibreacha is gá don scoil a shainithint, tosaíocht a thabhairt dóibh agus gan cur isteach ar an gceann is práinní díobh amháin.

Ní mór do scoileanna a bheith san airdeall nach mbeidh sé indéanta gach iarratas a mhaoiniú ós rud é go bhfuil buiséidí faoi bhrú san earnáil poiblí. Mar sin, is gá do scoileanna tionscadail atá práinneach amháin a chur chun tosaigh.

**N.B. Iarratais ar ilthionscadail um scála beag, déanfar iad a mheas mar NEAMHBHAILÍ láithreach agus ní ghlacfar leo.**

## 5. Ceisteanna teicniúla maidir le hiarratais ar oibreacha ar scála beag

Beidh gá le tuarascáil ó Chomhairleoir:

- I gcomhair tuairime gairmiúla faoi chineál agus fairsinge iomlán an tionscadail bheartaithe
- Chun riachtanas amach is amach an tionscadail a fhíorú i gcomparáid len é a fhágáil gan déanamh
- Chun raon réiteach um chostas luachála a chur ar fáil, rangaithe in ord rogha m.sh. Is é Rogha I an rogha is fearr linn a mholadh.
- Chun tosaíocht a thabhairt do thionscadal ar bhonn eolais ghairmiúil oibiachtúil.

Is gnó d'údarás na scoile é ceapadh an Chomhairleora agus beidh uirthi aon táillí a éireoidh a íoc. Déanfar ranníocaíocht réasúnta i leith táillí a chur san áireamh sa deontas iomlán a bheidh ar fáil d'iarratasóirí a n-éiríonn leo. Féach Aguisín A den Chiorclán seo don treoir maidir le Comhairleoir a cheapadh.

Ní ceart tiomantas ar bith a thabhairt do Chomhairleoir seachas an tuarascáil a sholáthar ar na hoibreacha atá beartaithe.

Caithfidh tuarascáil an Chomhairleora cloí go hiomlán leis na Cáipéisí Treorach Teicniúla ábhartha maidir le formáid agus ábhar - féach láithreán gréasáin na Roinne - [Technical Guidance Documents - Department of Education and Skills](#). Caithfidh fianaise fhótagrafach a bheith mar chuid den tuarascáil freisin.

**Tabhair aird go gcaithfear na tuairiscí teicniúla ábhartha, más cuí, a bheith comhlíonta**

**(a) ag Comhairleoir cáilithe a bhfuil Árachas Slánaíochta Gairmiúil leordhóthanach agus Árachas Dlíteanas Fostóra aige/aici – féach Aguisín A den Chiorclán seo. Mura mbíonn measfar an t-iarratas a bheith neamhbhailí.**

**(b) ag Comhairleoir a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige/aici do na hoibreacha i gceist mar go measfar iarratas a bheith neamhbhailí, freisin, sa chás go n-úsáidfear Comhairleoir gan na cáilíochtaí cuí.**

Déanfar treoir a eisiúint do scoileanna a mbeidh a gcuid iarratas faofa maidir leis na nósanna imeachta a bhainfidh le ceapadh an Chomhairleora chun na tionscadail a thabhairt chun críche go rathúil.

Tabhair aird go bhfuil sé mar dhualgas ar Údarás na Scoile a dheimhniú go mbíonn tuarascáil comhlánaithe an Chomhairleora, ar a n-áirítear fianaise ghrianghrafach éigeantach, ceangailte go sásúil leis an iarratas SOS ar líne mar, má theipeann ar a leithéid, beidh an t-iarratas ceaptha a bheith neamhbhailí.

## 6. An próiseas um mheasúnú iarratas d'oibreacha ar scála beag

Beidh 4 chéim sa phróiseas measúnaithe, A – D.

### A. Bailíochtú iarratas ar oibreacha ar scála beag

Ní rachaidh ar aghaidh chuig an gcéim cinnte riachtanais ach iarratais a mheastar a bheith bailí.

Ní mór duit a bheith in ann “TÁ” a rá mar fhreagra ar na ceisteanna seo a leanas **uile** sula measfar iarratas a bheith bailí:

	Tá
An bhfuil an tionscadal laistigh de raon Scéim na nOibreacha Samhraidh? i.e. Féach Cuid 3 agus Cuid 4 thuas	
An bhfuil an Comhairleoir cáilithe agus faoi árachas mar is cóir don tionscadal ar leith? (féach Aguisín A)	
An bhfuil tuarascáil Comhairleora comhlánaithe go hiomán agus i gceart ar a n-áirítear 3 thaisctí le luachanna táillí agus iad rangaithe in ord rogha?	
An bhfuil an t-iarratas déanta faoin gCatagóir cuí? (féach Cuid 3)	
An bhfuil an fhianaise fhótagrafach riachtanach curtha isteach ag an gComhairleoir?	
An bhfuil an t-iarratas aontaithe ag Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta nó ag an bPríomhfheidhmeannach (mar is cuí) thar ceann an Phátrúin?	

### B. Cinneadh faoin nGá

Beidh an cinneadh seo bunaithe ar an bhfianaise a chuirfidh tuarascáil an Chomhairleora ar fáil, ar an bhfianaise fhótagrafach shainordaitheach. Tá sé tábhachtach, dá réir sin, go mbeidh tuarascáil an Chomhairleora ar chaighdeán a chruthóidh go soiléir go bhfuil an tionscadal riachtanach amach is amach. (i.e. nach féidir freastal ar an riachtanas mar chuid den ghnáthchothabháil.)

### C. Faomhadh/Diúltú an Iarratais

Ní bheidh faomhadh ar fáil ag iarratais neamhbhailí. Beidh faomhadh, i bprionsabal, ar fáil d'iarratas bailí, má:

- léiríonn an t-iarratas go soiléir go bhfuil na hoibreacha riachtanach amach is amach seachas iad a bheith inmhianaithe;
- léiríonn an t-iarratas nach féidir freastal ar na hoibreacha mar chuid den ghnáthchothabháil.

Tá sé tábhachtach a thuiscint, áfach, nach gciallaíonn faomhadh i bprionsabal go mbeidh maoiniú ar fáil ionas gur féidir leis an tionscadal dul ar aghaidh.

## D. Dáileadh maoinithe do thionscadail faofa ar scála beag

D'fhéadfadh nach mbeadh sé indéanta na tionscadail faofa uile a chur chun cinn mar go mbraitheann sin ar an éileamh agus ar an leibhéal maoinithe atá le fáil. Dá bhrí sin, déanfar measúnú ar na hiarratais maidir leis an leibhéal maoinithe ón mbarr anuas de réir na gcritéar tosaíochta (féach Cuid 3).

Bainfidh an scéim atá á fhógairt le 2016 agus 2017 araon. Faoi SOS 2016 agus 2017, beidh iarratais bhailí ó scoileanna nach n-éiríonn leo maoiniú a fháil ón gciste maoinithe a bhíonn ar fáil do 2016, incháilithe don mheasúnú ar mhaoiniú óna mbíonn ar fáil do 2017, é seo faoi réir ag méid iomlán an mhaoinithe a bhíonn ar fáil.

Nuair a bhíonn cinneadh déanta faoi iarratais na Scéime, cuirfear litreacha faoi na cinntí ar fáil do gach iarratasóir a n-éiríonn nó nach n-éiríonn leis/léi ar an gcóras Esinet ar líne. Déanfar na cinntí a bhaineann le hiarratasóirí rathúla a fhoilsiú freisin ar láithreán gréasáin na Roinne <http://www.education.ie/>.

Beidh gá ag an Roinn, nó ag a gníomhaireachtaí, le comhaontú Údarás na Scoile ar an tionscadal a mhonatóireacht agus ar rochtain láithreán agus taifead a cheadú, de réir mar is gá, don ghnó sin.

Mar aon leis sin, d'fhéadfadh go dtabharfadh baill foirne ón Roinn cuairt ar an scoil chun iarratais a iniúchadh ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh ar an ngá a bhíonn ann.

## 7. An tionscadal a sholáthar

Faoi théarmaí na Scéime, bíonn sé mar chumhacht ag Údarás na Scoile na hoibreacha a bhainistiú le treoir ó, agus leis an dteagmháil is lú leis, an Roinn. Déantar an fhreagracht chun seirbhísí Conraitheoirí a sholáthar a chur ar lámh chuig Údarás na Scoile. Bíonn scoileanna freagrach freisin as tionscadail a bhainistiú, ar a n-áirítear bainistíocht ar chostais, go dtí pointe an chomhlánaithe go rathúil.

Mar atá i gceist sa ról atá ceaptha do Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) ina ndéanann na Boird seirbhísí tacaíochta a chur ar aghaidh chuig seirbhísí oideachais agus oiliúna eile ag an leibhéal áitiúil, tá sé i gceist go mbeidh scoileanna, in áiteanna ar leith, ábalta leas a bhaint as an saineolas ar bhainistíocht tionscadail/ ar sholáthar tionscadail a chur i gcríoch atá forbartha cheana sna BOO nuair a bhí tionscadail fhaofa á gcur i gcrích acu. Beidh fáil ar mhionsonraí breise faoina leithéid de shocruithe sa litir fhaofa chuig na hiarratasóirí sin a n-éiríonn leo.

## 8. Sonraí an deontais

### Méid a fhaofar

Is é méid an deontais a bheidh iníoctha ag an Roinn (CBL agus táillí san áireamh) ná **pé méid díobh seo a leanas is lú:**

Méid na cabhrach deontais a d'fhaomh an Roinn ina litir faofa a cuireadh ar fáil ar chóras Esinet ar líne *nó*

Méid na tairisceana bailí is lú don tionscadal atá beartaithe móide táillí.



### Gannchion maoinithe

Má bhíonn gannchion maoinithe ann, is iad na roghanna atá ag Údarás Bainistíochta na scoile ná:

- Scóip na n-oibreacha a laghdú chun fanacht laistigh de theorainn an deontais.
- I gcás bunscoileanna, feidhm bhaint as maoiniú a rinne an Roinn a dháileadh faoi faoi théarmaí na Scéime Deontais d'Oibreacha ar Scála Beag chun an deontas SOS a fhorlíonadh, ar an gcoinníoll nach bhfuil an maoiniú sin ag teastáil láithreach d'oibreacha atá níos práinní.
- Iarmhéid na n-oibreacha a mhaoiniú as a n-acmhainní féin.

### Na nithe a chuimsíonn an deontas

- Tá sé beartaithe go gcuimseodh an deontas costas caipitil an tionscadail, CBL san áireamh, táillí gaolmhara pleanála, na táillí Comhairleora uile a bhain le dearadh agus tógáil an tionscadail, na táillí uile don Mhaoirseoir Tionscadail um Phróiseas Dearaidh (MTPD) agus na táillí uile don Mhaoirseoir Tionscadail um Chéim Tógála (MTCT).

### Íocaíocht an deontais

- Déanfar an deontas a íoc le hÚdarás na Scoile i ndá thráthchuid. Is é a bheidh sa chéad íocaíocht a dhéanfar ná **70%** de mhéid an deontais, nuair a bhíonn an obair tosaithe ar an láthair, agus is é a bheidh sa dara híocaíocht agus san íocaíocht dheiridh ná an **30%** eile den deontas. Íocfar a leithéid faoi réir ag comhlíontacht na gcoinníollacha mar atá in Aguisín B.

### 9. Ranníocaíocht Áitiúil

- Ní bheidh ranníocaíocht áitiúil ag teastáil ó iarratasóirí rathúla i gcás oibreacha ar scála beag.

### 10. Taifid an tionscadail a choimeád agus iniúchtaí / scrúduithe

- Caithfear na taifid uile bainteach le tionscadal a bhfuil maoiniú faofa dó a choinneáil sa scoil ar feadh 7 mbliana (agus ní in oifig an Chomhairleora).
- Coimeádann an Roinn an ceart aici féin na taifid seo agus na hoibreacha a rinneadh a iniúchadh / a scrúdú. I dtaca leis seo, roghnófar céatadán de na tionscadail chun a n-iniúchta / a scrúdú go mion.
- Coimeádann an Roinn an ceart aici féin diúltú cabhair deontais a íoc de dhroim iarratais a raibh eolas bréagach ann nó i gcás nach raibh riarachán an tionscadail de réir threoirlínte na Roinne.
- Roghnóidh an Roinn méid áirithe de na hiarratais don iniúchadh mar chuid de phróiseas cinntithe sula ndéantar cinneadh ar an iarratas.

## Aguisíní

### Aguisín A

#### **Comhairle Ghairmiúil a fhostú chun Tuarascáil Theicniúil a Ullmhú d'Oibreacha ar Scála Beag**

**Tábhachtach:** Ní mór a ghlanadh as acmhainní na scoile féin an costas iomlán a bhaineann le comhairle ghairmiúil a fhostú chun tuarascáil theicniúil a ullmhú. Beidh iarratas neamhbhailí mura bhfaighfear Comhairleoir sa disciplín chúí nó má fhaightear Comhairleoir gan Árachas Slánaíochta Gairmiúil ná Árachas Dlíteanas Fostóra leordhóthanach.

**Comhairle le fáil ar sheirbhís Cúnamh Saorfón SOS fad a bhíonn an córas ar líne oscailte d'iarratais**

### Sula gceapfar Comhairleoir:

- Breathnaigh ar na Doiciméid faoi Threoir Theicniúil na Roinne (TGDanna):
  - Treoir maidir le Comhairleoirí a Cheapadh d'Oibreacha Beaga (2<sup>ú</sup> heagrán, Márta 2014) cliceáil [here](#).
  - TGD-007 4<sup>ú</sup> heagrán Meitheamh 2014 Nósanna Imeachta don Fhoireann Dearaidh d'Oibreacha Beaga Leasú 1 cliceáil anseo.

Toisc gur ar Údarás na Scoile a thiteann an dualgas a dheimhniú go bhfaightear an leibhéal agus an raon cuí seirbhíse, caithfidh sé a dheimhniú go mbaineann an Comhairleoir leis an disciplín **cuí** do na hoibreacha atá i gceist.

**Mar shampla, má bhaineann an tuarascáil le hoibreacha athchóiríochta nó deisiúcháin teoranta (nach mó ná €500,000, CBL san áireamh) a bhaineann le comhdhéanamh an fhoirgnimh (m.sh. athchóiriú/uasghrádú ar oibreacha dín, fuinneog, leithreas, oibreacha Sláinte & Sábháilteachta, srl.) is féidir le hÚdarás na Scoile Ailtire Cláraithe, Innealtóir Sibhialta/Struchtúrtha, nó Suirbhéir Tógála Cláraithe a fhostú. Ní leor Innealtóir ar Sheirbhísí Tógála ná Suirbhéir Cainníochta mar Chomhairleoir don obair seo.**

- Ar na cáilíochtaí **nach mbeidh inghlactha** chun críocha thuarascáil an Chomhairleora tá:

Innealtóir Talmhaíochta, Conraitheoir Foirgníochta, B. Sc. (Comhshaol), Measúnóir, Leictreoir, Pluiméir, Conraitheoir Fuinneog, Ailtire Oifig na nOibreacha Poiblí (mura fhóraitear leis an iarratas gur cuireadh an tuairisc i gcrích ar ordú Oifig na nOibreacha Poiblí agus í ag ghníomhú ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna).

Níl an liosta seo uileghabhálach. Má tá amhras **ar bith** ort faoi oiriúnacht an Chomhairleora atá roghnaithe, déan teagmháil le do thoil leis an gCabhairlíne.

Ní bheidh dul thar chinneadh na Roinne maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil Comhairleoir cáilithe go cuí chun críche na Scéime.

- Bí deimhin de go mbeidh an Comhairleoir inniúil agus cáilithe chun an obair a chur i gcrích. Ba chóir íosmhéid de chúig luachanna táillí a lorg i scríbhinn nó ar ríomhphost ó Comhairleoirí oiriúnacha (féach Treoirlínte ar Chomhairleoirí a Fháil d'Oibreacha Beaga, féach an nasc thuas), ar a laghad trí luachanna táillí a fháil, agus an ceann is oiriúnaí díobh a roghnú faoi chritéir oibiachtúla. Bíodh is gur den tábhacht ar an gcéad dul síos cumas iomaíochta táillí agus gur cheart é a mheá dá réir sin, ba chóir na critéir ag (e) thíos (i) go (v) a úsáid chun oiriúnacht a mheas.

### **Comhairleoir a cheapadh chun an Tuarascáil a chur i gcrích:**

- (a) Ba chóir don Údarás Scoile tagairt a dhéanamh don fhoirm iarratais le haghaidh scóip na tuarascála teicniúla atá riachtanach.
- (b) Nuair a fhostaíonn Údarás Scoile comhairle ghairmiúil chun cabhrú le hullmhú tuarascála ní mór an costas iomlán a ghlanadh as acmhainní na scoile féin.
- (c) Nuair a fhostaíonn Údarás Scoile comhairle ghairmiúil chun tuarascáil a ullmhú, ní mór don Údarás Scoile an comhairleoir ábhartha a cheapadh don tasc sin amháin. Ní ceadaithe don Údarás Scoile ceangaltas ar bith a thabhairt maidir le ceapachán foriomlán nó táillí i leith oibreacha seachas ullmhú na tuarascála agus ní mór é seo a chur in iúl go soiléir don Chomhairleoir sula ndéanfar an ceapachán.
- (d) Ba chóir go mbeadh Cáilíochtaí cuí gairmiúla ag an gComhairleoir agus taithí roimhe sin in ullmhú tuarascálacha comhchosúla.
- (e) Chun cur ar chumas an Údarás Scoile a chinneadh cén eagraíocht is ceart a fhostú moltar go n-iarrfaí an t-eolas seo a leanas ar na Comhairleoirí atáthar á meas don obair:
  - (i) Taithí i dtionscadail de nádúr comhchosúil ag cur béime ar scóip na n-oibreacha, an scála ama agus an chaoi ina gcinntíonn an Comhairleoir go bhfuil faisnéis an chostais beacht.
  - (ii) Achoimre ghearr ar scóip na tuarascála comhaontaithe agus ar scála ama an tseachadta.
  - (iii) Deimhniú Cailíochtaí cuí gairmiúla, Árachas Slánaíochta Gairmiúil agus Árachas Dlíteanas Fostóra.
  - (iv) Liosta na seirbhísí ábhartha eile má bhíonn gá leo, (ar a n-áirítear Seirbhísí ó Shuirbhéir Cainníochta) a cheannófar isteach, agus deimhniú go mbeidh na soláthróirí seirbhísí seo cáilithe go gairmiúil sa discipline ábhartha.
  - (v) Táille chuimsitheach cnapshuime, CBL san áireamh, (seirbhísí eile a cheannach isteach de réir mar is gá, agus na costais ar fad)  
*Ciallaíonn "ceannach-isteach" go nglacann an Comhairleoir gairmiúil arna fhostú ag an scoil air féin mar chuid den táille fhoriomlán comhairle a fháil mar is gá ó dhisciplíní gairmiúla eile (m.sh. Suirbhéir Cainníochta, Innealtóir Struchtúrach & Meicniúil)*

- (f) Maidir le hullmhú na dtuarascálacha, ba chóir d'Údarás na Scoile gan Comhairleoir a cheapdh chun feidhmiú i ról bainteach le Bainsitíocht Thionscadail amháin mar a mbeidh air/uirthi, dá réir, seirbhísí a cheannach ó Chomhairleoir eile chun an tuarascáil féin a ullmhú.
- (g) Ní gá, de ghnáth, Maoirseoir Tionscadail don Phróiseas (Dearadh) a cheapadh d'ullmhú na tuairisce.
- (h) Agus an méid oibre á mheas is gá chun an tuarascáil theicniúil a ullmhú, ba chóir don Údarás Scoile scóip réalaoch oibre a phlé lena chuid Comhairleoirí. Ina theannta sin, cuid riachtanach den tuarascáil is ea comhairle bheacht ghairmiúil costais. Dá réir sin, ní mór costas na hoibre a shainaithint go soiléir taobh le costas táillí gaolmhara pleanála ar bith mar aon le meastachán ar na táillí gairmiúla chun chur i gcrích na n-oibreacha a bhainistiú dá ndéanfaí an tionscadal a cheadú.
- (h) Ba chóir leibhéal na táille a dheimhniú sula gceapfar an Comhairleoir agus ba chóir go mbainfeadh sé le hullmhú na tuarascála sin amháin. Ba chóir go mbeadh an tÚdarás Scoile sásta go léiríonn an táille chomhaontaithe an t-am agus na hacmhainní is gá chun an tasc a chur i gcrích.
- (i) Ní gá conradh foirmeálta i gcomhair tuarascála teicniúla (mar atá thuas). Is leor litir shimplí ceapacháin a dhéanann déileáil le hachóimriú scóipe comhaontaithe na hoibre.

**Ná:**

- Glac ceangaltas ar bith ort féin maidir le táille fhoriomlán i leith na n-oibreacha feabhais agus cuir in iúl go soiléir don Chomhairleoir nach mbaineann an ceapachán ach le hullmhú na Tuarascála sin amháin agus **nach gcuireann sé i dteideal** an Chomhairleora a bheith ceaptha chun na hoibreacha a chur i gcrích má éiríonn leis an iarratas.

**Riachtanais Árachais an Chomhairleora:**

Árachas Slánaíochta Gairmiúil:	An clúdach íosta ná €750,000.
Árachas Dliteanais Phoiblí:	An clúdach íosta ná €6,500,000.
Árachas Dliteanais Fhostóra:	An clúdach íosta ná €13,000,000.

### Riachtanais chun Deontas SOS 2016 & 2017 a Íostarraingt

#### An Chéad Íocaíocht

Is é a bheith sa chéad íocaíocht a dhéanfar ná **70%** de dhliteanas na Roinne agus íocfar a leithéid ar dheimhniú scríofa ó údarás na scoile mar seo a leanas:

Nuair a bhíonn an obair tosaithe ar an láthair, caithfidh Údarás na Scoile a dheimhniú go mbíonn na pointí go léir thíos (1 go 12) clúdaithe de réir na dtreoirí atá curtha ar fáil ag an Roinn. Más gá do Chomhairleoir na scoile a dheimhniú go bhfuiltear tar éis pointe ar leith a shásamh, ba chóir don Chomhairleoir deimhniú scríofa air seo a sholáthar agus ba chóir an deimhniú scríofa seo a chur ar aghaidh go dtí an Roinn.

Caithfear gach pointe thíos a shásamh ionas gur féidir an íocaíocht a dhéanamh.

- Tuigean Údarás na Scoile a ndualgas reachtúil maidir le MTPT inniúil a cheapadh agus tá céimeanna cuí glactha acu chun iad féin a shásamh faoi inniúlacht an MTPT.
- Deimhniú go ndearnadh an próiseas tairisceana agus dámhachtain an chonartha do cheapachán Comhairleora de réir mar atá i [Department's Guidance on Procuring Consultants for Small Works](#) (an dara heagrán Márta 2014).
- Deimhniú, má bhaineann na Rialacháin um Smachtú Foirgníochta (Leas) 2014 leis an tionscnamh, go bhfuil Deimhnitheoir Sannta ceaptha.
- Deimhniú go bhfuil Údarás na Scoile tar éis:
  - Clárú ar líne do ROS (Seirbhísí Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim)
  - Clárú do CBL mar Phríomhchonraitheoir
  - Uimhir cánach agus deimhniú aitheantais an chonraitheora a fháil
  - An conradh a chuir in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim sula dtosaíonn an conradh (Fógradh ar Conartha)
- MTPT ceaptha, an ceapachán deimhnithe i scríbhinn ag an gClient, agus fógra tugtha don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ag baint úsáide as foirm AF1 an ÚSS.
- An comhad sábháilteachta seiceáilte ag an MTPT agus gníomhú cuí tarlaithe maidir le haispeist.
- Réamhphlean Sláinte & Sábháilteachta ullmhaithe ag an MTPT agus tugtha d'fhorthairgeoirí mar chuid dá ndoiciméid tairisceana.
- Caithfidh Údarás na Scoile luach airgeadas an chostais **IOMLÁN** do na hoibreacha tógála, táillí agus CBL san áireamh, a dheimhniú.
- Na hoibreacha a rinneadh a bheith de réir scóip na n-oibreacha a bhfuil faomhadh an deontais tugtha dóibh.
- An próiseas tairisceana agus bronnadh an chonartha comhlíonta de réir [Technical Guidance Document TGD 007](#) na Roinne agus an conradh bronnta ar an tairisceoir bailí is ísle. Muna ndéantar an conradh a bhronnadh ar an tairisceoir bailí is ísle, caithfear fianaise a sholáthar ar an bplé leis, agus ar an bhfaomhadh ón, Aonad Pleanála agus Tógála.
- Conradh do na hoibreacha atá i gceist a bheith tugtha ag Údarás na Scoile don chonraitheoir rathúil agus an conraitheoir a bheith ar an láthair agus an obair tosaithe.
- Má bhaineann Rialacháin um Smacht Foirgníochta (Leas) 2014 leis an tionscadal, deimhniú go bhfuil:
  - Deimhnitheoir Ceaptha
  - Réamhphlean don iniúchadh ullmhaithe
  - An doiciméadachán uile is gá faoin gCód Cleachtais don Iniúchadh agus don Deimhniú Foirgneamh agus Oibreacha curtha isteach ar líne chuig an tÚdarás Rialaithe Tógála ag an bpointe tosaigh.

## An Dara hÍocaíocht (Íocaíocht Dheiridh)

Is í an dara hÍocaíocht agus an íocaíocht dheiridh ná an 30% atá fágtha ó dhliteanas na Roinne agus íocfar é seo nuair a fhaightear deimhniú i scríbhinn ó Údarás na Scoile mar seo a leanas:

Nuair a bhíonn na hoibreacha críochnaithe nach mór go hiomlán, caithfidh Údarás na Scoile a dheimhniú i scríbhinn go bhfuil an doiciméadachán thíosluaite go léir faighte acu óna gComhairleoir. Ansin cuireann Údarás na Scoile cóip den “Teastas um Chomhlíonadh Substantiúil” agus litir mhínte leis na pointí eile go léir deimhnithe. Caithfear tagairt do gach pointe ionas gur féidir an íocaíocht a dhéanamh.

1. Cóip den “Teastas um Chomhlíonadh Substantiúil” ón gComhairleoir.
2. Caithfidh Údarás na Scoile an luach airgeadais deiridh **IOMLÁN** do chostas na n-oibreacha tógála a dheimhniú, táillí agus CBL san áireamh.
3. *Tuairim ar Chomhlíontacht* an Chomhairleora don fhorbairt ábhartha le cead pleanála agus/nó le díolúnadh ó smacht pleanála.
4. Má bhaineann Rialacháin um Smacht Foirgníochta (Leas) 2014 leis an tionscadal beidh gá le:
  - 4.1. Teastas ar Chomhlíontacht ar Chríochnú sínithe ag an Tógálaí (ag Cuid A) agus ag an Deimhniitheoir Sannta (mar atá i gCuid B).
  - 4.2. Deimhniú go bhfuil an teastas thuas agus na pleananna, na háirimh, na sonrúcháin agus na mionsonraí riachtanacha a léiríonn an tslí inar éirigh leis an bhfoirgneamh atá críochnaithe comhlíontacht a fháil leis na Rialacháin Foirgníochtaí taiscithe leis an Údarás Rialaithe Tógála ar an gCóras Bainistíochta um Rialú Tógála.
  - 4.3. Deimhniú go bhfuil an Plean Iniúchaidh mar atá curtha i bhfeidhm ag an Deimhniitheoir Sannta taiscithe leis an Údarás Rialaithe Tógála.
5. Deimhniú ón MTPT go bhfuil an Comhad Sábháilteachta ullmhaithe agus eisithe ag Údarás na Scoile.
6. Caithfidh Údarás na Scoile a dheimhniú go ndearnadh:
  - 6.1. An íocaíocht a chur in iúl do na Coimisinéirí sula ndearnadh aon íocaíocht leis an gconraitheoir, (Fógra Íocaíochta)
  - 6.2. Cead Asbhainte faighte ó na Coimisinéirí Ioncaim ina bhfuil an cháin atá le baint ón gConraitheoir luaite
  - 6.3. Cóip den Chead Asbhainte tugtha don chonraitheoir
  - 6.4. An méid cánach is cóir bainte ó íocaíochtaí a bhí ag dul don chonraitheoir
  - 6.5. Tuairisceáin RCT agus an méid asbhainte curtha isteach chuig na Coimisinéirí
  - 6.6. Tuairisceáin mhíosúla CBL curtha ar ais agus íoctha leis na Coimisinéirí
  - 6.7. Achoimre Asbhainte faighte agus coimeáda – Tuairisceán Tréimhsiúil ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe
7. Deimhniú i scríbhinn ó Údarás na Scoile go gcoimeádfar 50% de chéatadán coinneála ó shuim an chonartha coimeáda ar feadh tréimhse 12 mhí tar éis do na hoibreacha a bheith críochnaithe agus go dtí go mbíonn na ceartúcháin is gá déanta ar aon lochtanna sa bhfoirgneamh a d’fhéadfadh teacht chun cinn le linn na tréimhse, agus nach gacithfear an méid a choimeádfar ar aon chúis eile.
8. Deimhniú ó Údarás na Scoile go bhfuarthas ón gComhairleoir cóipeanna de na léaráidí agus de na doiciméid ábhartha, i bhfoirm chúil leitreonach más féidir, mar aon le deimhniú do Chomhairleora go bhfuil na hoibreacha atá críochnaithe de réir na léaráidí agus na ndoiciméad.